

❖ An Lúibín ❖

23 Nollaig 2017

Dúch agus dath

Thugamar cuairt ar Leabharlann Stáit Victoria lá chun súil a thabhairt ar cheann de dá lámhscríbhinn Ghaeilge atá ann. Bhaineamar aoibhneas as líofacht agus cruinneas na peannaireachta; thugamar aird freisin ar an dúch, é donn agus beagán tréigthe.

Sa chéad chuid den 19ú haois a scríobhadh an lámhscríbhinn sin, cé gur sine ná sin an t-ábhar atá inti. Mar a tharla, tá a fhios againn cé bhreac í. Fiú mura raibh, tá taighde ar siúl i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, ar féidir leis feasta dátaí cruinne agus áiteanna a lua le lámhscríbhinní de thoradh iniúchadh a dhéanamh ar na ceimiceáin atá sa dúch.

In agallamh le *Tuairisc.ie* dúirt an tOllamh Pádraig Ó Macháin: ‘Bhíomar le fada an lá ag gabháil don téacs, ach tá an eolaíocht ann anois dul níos doimhne isteach i struchtúir na leabhar féin’.¹

Imríodh x-ghathanna ar roinnt lámhscríbhinní Gaeilge ón 12ú haois anuas go dtí an 17ú haois chun iniúchadh a dhéanamh ar a ndéantús, agus dúirt an Machánach go bhfuil a lán mianraí le fáil iontu: iarann sa dúch agus ceimiceáin eile sa mhaisiú daite - go háirithe an arsanaic, an sulfar agus an mhearcair sa dath buí, agus copar sa dath glas. Deirtear gur minic lucht léinn na hÉireann chun tosaigh in iniúchadh dá leithéid agus an oiread sin samplaí daite ar fáil, leithéid Leabhar Cheanannais.

Tá roinnt mhór lámhscríbhinní Gaeilge le fáil ag *Meamram Páipéar Ríomhaire* - <https://www.isos.dias.ie/>. Bhí lámh ag an Machánach sa tionscadal sin, agus tá lámhscríbhinní le feiceáil ann atá i dtaisce i Leabharlann Stáit Victoria agus i gColáiste Newman in Ollscoil Melbourne. Nuair a chuamar ar thóir na lámhscríbhinne úd a luamar ar dtús fiafraíodh dinn cén fáth a mbeadh an leagan páipéir uainn agus leagan cruinn de le fáil ar líne. Dúramar gur bhreá linn tathag agus mothú an pháipéir, rith beo na peannaireachta. An t-ábhar mar ábhar seachas an t-ábhar mar íomhá.



An Ghaeilge agus na scoileanna

Tá scothaicme in Éirinn agus an Ghaeilge mar chomhartha sóirt acu: sin é an port a chloistear ó am go ham, agus ní gan bhunús é. Cuimhnimis ar thábhacht an oideachais. Gaeilgeoirí an dream is mó a bhfuil céimeanna acu, agus sé scoil lán-Ghaeilge atá orthu siúd a sholáthraíonn 100% dá ndaltaí d’institiúidí tríú leibhéal. Mar a leanas: Laurel Hill Coláiste FCJ, Coláiste Eoin, Gaelcholáiste Chill Dara sa Nás, Coláiste Íosagáin, An Charraig Dhubh, Baile Átha Cliath, Coláiste na Coiribe, Gaillimh, agus Gaelcholáiste Chiarraí, Trá Lí.

Tá an t-eolas seo le fáil sna ‘táblaí’ (liosta torthaí). Admhaítear nach ndéanann siad léiriú cothrom ar fheabhas scoile agus iad bunaithe ar chritéir chúnga agus ar dhearcadh cúng. Ach tugann siad léargas éigin ar shochtheangeolaíocht na teanga i gcúrsaí oideachais agus sochaí.

¹ <http://tuairisc.ie/suil-go-mbeifear-in-ann-data-agus-ait-a-chur-le-lamhscrabhinni-gaeilge-de-thoradh-taighde-nua-faoi-cheimiceain-i-nduch/>

Tá fadhb ann fós, ceann atá pléite cheana ag *An Lúibín* agus a luaitear minic go leor ar *Tuairisc.ie*.² Mar a deir an iris úd agus í ag lua tuarascála a tháinig amach le déanaí (*Tuairisc ar an Ghaeilge sa Chóras Oideachais i bPoblacht na hÉireann*), is iomaí múinteoir nach bhfuil í cumasach ná muiníneach go leor leis an Ghaeilge a mhúineadh.³

Deir an tuarascáil:

Tá an-tábhacht le stádas, riocht, agus seasamh na Gaeilge sa chóras oideachais i bPoblacht na hÉireann; i saol gach páiste taobh amuigh den Ghaeltacht, is sa chóras oideachais den chuid is mó a bhuaileann na páistí leis an Ghaeilge den chéad uair sa tsochaí. Ach tar éis na bunscolaíochta, na hiar-bhunscolaíochta, agus na gcúrsaí tríú leibhéal, an bhfuil toradh ar an obair sin? An gcluintear cainteoirí múiníneacha líofa Gaeilge in oifigí stáit, sa ghnáthshaol nó i measc múinteoirí?

Deirtear freisin, mura mbeidh ardchaighdeán Gaeilge ag na múinteoirí, go rachaidh an t-eolas atá ar an nGaeilge in olcas agus déanfar maolú agus díshaibhriú uirthi mar theanga. Beidh sé an-deacair staid na teanga a thabhairt aniar arís. Ach ceann de na deacrachtaí atá ann nach bhfuil go leor airgid á chur ar fáil ag an rialtas lena pholasaithe agus straitéisí a chur i ngníomh ina n-iomláine.

Tá sé tugtha le fios (in *Attitudes towards the Irish Language on the Island of Ireland*, ERSI Lúnasa 2015) gur luadh i dtuarascáil de chuid Chomhairle na hEorpa faoin oideachas teanga in Éirinn an ganntanas deiseanna atá ann le húsáid a bhaint as an Ghaeilge taobh amuigh den scoil: dúradh gur chonstaic thromchúiseach é ar athbheochan na teanga.

Ach deir an tuarascáil go bhfuil fadhb bhunúsach ann:

I dtaithí na léachtóirí [sna coláistí oiliúna], tá cuid mhór múinteoirí faoi oiliúint ina gcoláiste féin nach bhfuil spreagtha iontu féin leis an Ghaeilge a mhúineadh.

I bhfocail eile, is cuma cé chomh ‘cáilithe’ is atá tú mura bhfuil cion agat ar an teanga féin. Ba dheacair do mhúinteoirí ‘neamhspreagtha’ tabhairt faoi Churaclam nua Teanga na Bunscoile, curaclam comhtháite a éilíonn go mbeadh an teanga fite sna hábhair uile agus i ngnáthimeachtaí neamhfhoirmiúla na scoile.

Ar aon nós, is deacair do scoileanna lán-Ghaeilge teacht anois ar mhúinteoirí a bhfuil a ndóthain Gaeilge acu chun múineadh inti – cúis mhór ghearáin ag príomhoidí. Ar bhonn roghnach a chuireann na coláistí oideachais agus ollscoileanna oiliúint ar fáil in oideachas trí mheán na Gaeilge...

Mar gheall ar an ghanntanas áiteanna i scoileanna lán-Ghaeilge, tá daoine áirithe den phobal den tuairim go bhfuil éilíteachas agus scothroghnachas ag baint leis an Ghaelscolaíocht. Ní thuigeann siad go mbíonn fáilte roimh pháistí de gach cúlra sóisialta, cultúrtha, reiligiúnach agus eitneach i scoileanna lán-Ghaeilge. Agus rud eile de:

Síleann go leor daoine gur scoileanna Caitliceacha don mheánaicme iad scoileanna lán-Ghaeilge. Go luath in 2017 d’aithin an Roinn Oideachais agus Scileanna 74 scoil Gaeltachta agus lán-Ghaeilge mar scoileanna DEIS. Síleann go leor daoine fosta gur den chúlra eitneach chéanna gach duine de na daltaí a bhíonn ag freastal orthu (daoine geala Éireannacha), rud nach bhfuil fíor; is eachtrannaigh iad 9.60% de dhaltaí atá ag freastal ar scoileanna lán-Ghaeilge i gcomparáid le meán náisiúnta de 10.40%.

Tá a lán moltaí ann. Ba cheart sainoiliúint a chur ar fáil do mhúinteoirí nua agus do mhúinteoirí fadbhunaithe bunscoile i modhanna múinteoireachta na Gaeilge. Ba cheart sainoiliúint a chur ar fáil do mhúinteoirí in iarbhunscoileanna Gaeilge ina bhfuil leibhéal éagsúla Ghaeilge ag na daltaí (cainteoirí dúchais, páistí a bhfuil idir Ghaeilge agus Bhéarla sa bhaile acu, páistí a labhraíonn Béarla amháin sa bhaile, páistí nach labhraíonn ceachtar acu Gaeilge ná Béarla sa bhaile). Ba cheart cúrsaí tríú leibhéal trí Ghaeilge a bhunú sna coláistí oideachais agus

² Féach, mar shampla : <https://tuairisc.ie/nil-muinteoiri-cailithe-cumasach-na-muinineach-go-leor-leis-an-ghaeilge-a-mhuineadh-leachtóiri-sna-colaisti-oiliuna/>.

³ *Tuairisc ar an Ghaeilge sa Chóras Oideachais i bPoblacht na hÉireann* : <http://www.gael-linn.ie/uploads/documents/Tuairisc%20ar%20an%20Ghaeilge%20sa%20Ch%C3%B3ras%20Oideachais%20i%20bPnah%C3%89%20Samhain%202017.pdf>

sna hollscoileanna le hoiliúint tosaigh múinteoirí bun scoile agus iarbun scoile a chur ar fáil. Is fiú a chuimhneamh nach Ghaeilge thraidisiúnta dhúchais (an méid atá fágtha di) atá i gceist, ach an Ghaeilge mar dhara teanga – cumas de shórt eile a fhágfaidh a rian go buan ar an teanga.

Agus seo liosta de na fadhbanna:

Tá drochthraithí ag tuismitheoirí ar an Ghaeilge. • Tá easpa féinmhuiníne ag múinteoirí, ag foghlaimeoirí agus ag tuismitheoirí [rinne roinnt freagróirí an pointe seo]. • Tá struchtúr an chórais oideachais agus an churaclaim i leith na Gaeilge lag. • Tá easpa cumais sa teanga ag múinteoirí bun scoile [rinne roinnt freagróirí an pointe seo]. • Múintear an Ghaeilge mar T2 seachas tumoideachas Gaeilge a bheith ann. • Tá easpa tacaíochta ó thuismitheoirí ann. • Tá easpa tacaíochta ón Roinn Oideachais (ó na státseirbhísigh) ann.



Gaeilgeoirí

Tá cineálacha difriúla Gaeilgeoirí ann: Gaeilgeoirí in Éirinn a cheapann gur féidir leo fo-chultúr teann dá gcuid féin a chur ar bun sna cathracha agus go bhfuil sé de dhualgas ar an Stát cuidiú leo; Gaeilgeoirí thar lear a chuimhníonn orthu féin mar ‘Ghaeil’; Gaeilgeoirí thar lear a chuimhníonn ar an nGaeilge mar theanga de chuid a dtíre féin (dream an-bheag); agus ní hé sin deireadh an liosta.

Is láidre agus is fairsinge an chéad dream, cé go bhfuil siad dofheicthe; is beag turasóir a shamhlódh go bhfuil na mílte Gaeilgeoirí i mBaile Átha Cliath. Tá lucht na Gaeilge go han-mhaith chun fallaing dhraíochtúil a tharraingt orthu féin. Cinnte, bíonn an tOireachtas ann agus ócáidí is lú gleo ná sin, ach ní thugann eachtrannaigh ná Béarlóirí suntas dá leithéid. D’fhéadfaí na Gaeilgeoirí a shamhlú leis an Slua Sí, trácht orthu sna finscéalta agus iad dultha i bhfolach in áiteanna rúnda.

Tá idir mhuinín agus mhímhúinín ag Gaeilgeoirí sa Stát. Bacainn nó cara, sin an cheist. Is breá le Gaeilgeoirí Airteagal a hOcht den Bhunreacht, dá laghad í a héifeacht. Cuirtear suim mhór i bpleananna teanga, cé gur léir nach bhfuil ag éirí leo. Caithfear an Ghaeilge éigeantach a choinneáil, fiú agus praiseach déanta di, agus ní foláir don Stát uilechumhachtach gléasra greanta a dhéanamh di. Is minic a loic an Stát ar na firéin (loscadh is léan air) ach is é an Stát a dhéanfaidh an Ghaeilge a shábháil (lá éigin).

Is maith an tomhas ar aigne lucht na Gaeilge an nuachtán *Tuairisc.ie* agus é lán de scéalta a bhaineann leis an teanga. Scéal mór é an rud is lú a chuireann an Ghaeilge chun cinn; scéal mór é freisin an iarracht a dteipeann uirthi. (Bheadh fonn ort, b’fhéidir, breis nuachta a fháil ón iasacht, ach is cat é *Tuairisc.ie* ar fearr leis tinteán an bhaile.)

Ní hé nach bhfuil cúis éigin imní ag Gaeilgeoirí i ngeall ar staid na teanga. I bhfocail an tsaineolaí teanga Donncha Ó hÉallaithe:

Ní léir ó na torthaí daonáirimh go bhfuil an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge ag dul i bhfeidhm ar aon aoisghrúpa sa Ghaeltacht ná taobh amuigh den Ghaeltacht. Nuair a éiríonn daoine óga as úsáid na Gaeilge agus iad sna déaga, níl aon fhianaise san anailís seo a thabharfadh le fios go bhfilleann mórán acu ar an nGaeilge ina dhiaidh sin agus iad níos sine. Níl mórán cainteoirí gníomhacha Gaeilge in aon aoisghrúpa taobh amuigh den Ghaeltacht agus maidir leis an nGhaeltacht féin tá fianaise sna torthaí daonáirimh go bhfuil creimeadh teanga an-láidir ar bun i gach aoisghrúpa sa Ghaeltacht, go háirithe mar a théann daoine in aois.⁴

Cuirimis leis sin an méid a bhí le rá ag Bláthnaid Ní Ghreacháin ó Ghaeloideachas, eagraíocht gaelscolaíochta:

A lot of it depends on whether there are youth club services available. In my experience, [services] tend to focus more on the teenager and that’s where the problem is, the preschooler is where we need to get things moving. My kids are brought up through Irish but the language of socialisation for them is

⁴ <http://tuairisc.ie/anailis-ceard-a-tharlaionn-do-labhairt-na-gaeilge-de-reir-mar-a-theann-lucht-a-labhartha-in-aois/>

English, and regardless of whether we're playing with other kids that have plenty of Irish there's a default to English because there isn't that same necessity to do things in Irish outside of the classroom. And that to me is heartbreaking.⁵

Rudaí le déanamh, mar sin. Ach tá dul chun cinn déanta cheana: an ghaelscolaíocht féin, na háiseanna ar líne (le cúnaimh airgid Stáit), na líonraí cathrach. Ní féidir leat do ghnó a dhéanamh leis an státseirbhís trí Ghaeilge, ar ndóigh. Agus tá sé thar am grinnscrúdú a dhéanamh ar an idé-eolaíocht chultúrtha a bhaineann leis an nGaeilge agus a d'eascair ó riachtanais na hAthbheochana. Ré eile atá ann anois agus a riachtanais féin ag gabháil léi.

Agus ná dearmadaimis na Gaeilgeoirí thar lear. In Éirinn a rugadh cuid acu, san Astráil nó sna Stáit nó i gCeanada a rugadh cuid eile, nó sa Rúis nó i bPoblacht na Seice... Caitheamh aimsire ag cuid acu an Ghaeilge agus cuid eile ann atá níos dáiríre. Dornán maith den rómánsachas ag siúl lena lán (agus gríosú éigin sa rómánsachas céanna, gan dabht).

Sna Stáit, b'fhéidir, atá an líon is mó de Ghaeilgeoirí thar lear, cuid mhaith acu meánaosta ach cuid eile óg go leor. Iad ag freastal ar ranganna, ag múineadh ranganna, ag teacht le chéile chun dreas cainte a dhéanamh, ag baint tairbhe as na meáin shóisialta, agus roinnt bheag acu ag iarraidh a gclann a thógáil le Gaeilge. Leathshúil dírithe ag cuid mhaith acu ar Éirinn. Ach féach *An Gael*, ráitheachán atá suite sna Stáit ach a fhógraíonn gur iris idirnáisiúnta é. Agus ar feadh a chumais déanann sé beart de réir a bhriathair.

Is cuid suntas iad na cainteoirí (dá laghad a líon) a bhaineann le roinnt ollscoileanna lasmuigh d'Éirinn – Notre Dame sna Stáit, mar shampla, nó Ollscoil Stáit Mhoscó. Neartaíonn a leithéidí an teanga i réimsí áirithe.

Tá éagsúlacht ag baint le Gaeilgeoirí na hÉireann agus an domhain mhóir – éagsúlacht aicme, cumais agus dearcaidh. Tá siad scaipthe. Tá siad ró-thugtha uaireanta don chasaoid agus don chaoineadh. Ach coinníonn siad beocht i dteanga agus i ndúchas a chuireann le saibhreas an tsaoil ar bhealach ar leith.



Éagóir sna hOileáin Philipíneacha

Is minic a d'fhógair an Uachtarán Duerte sna hOileáin Philipíneacha go bhfuil sé leagtha amach ar chos i bpoll a chur le mangairí drugaí. Ní fonn gan sásamh é: tá na mílte maraithe ag feallmharfóirí an dlí, gan chúirt gan sagart. Gan dabht, tá cuid den phobal ag moladh Duerte dá bharr; ach maíonn lucht cearta daonna agus iriseoirí gur marú ansmachtúil atá i gceist agus gur léir ar aon nós nach bhfuil dochar déanta do na mangairí móra.

Tír Chaitliceach iad na hOileáin Philipíneacha, tríd is tríd (tá Muslamaigh le fáil theas in Mindanao), ach tá an foréigean fite fuaite ina stair: foréigean coilíneach, foréigean na n-údarás, foréigean aicme agus creidimh. Ní hé sin le rá go mbíonn cosmhuintir na tíre i ngreim scornaí ar a chéile, ach ní as an dea-thoil a fáisceadh na feallmharfóirí. Is iomaí iriseoir a maraíodh de dheasca rudaí áirithe a nochtadh nó cur i gcoinne daoine cumhachtacha.

Ní nach ionadh, tá áiteanna ann a bhfuil ceannairc ar siúl. Maíonn lucht cosanta cearta daonna nach fiú leis an rialtas idirdhealú a dhéanamh idir an cheannairc agus agóidí sibhialta. Le linn an rialtais atá anois ann maraíodh trí chosantóirí imshaoil is tríocha ar a laghad, cuireadh an dlí ar 240 duine eile acu as 'ciapadh,' agus tá os cionn 17,500 duine curtha ar dhroim an bhóthair tar éis dóibh cur in aghaidh mhilleadh an talaimh. Saighdiúirí, paraimíleataigh agus póilíní a bhí ciontach i ndúnmharú 73% de na daoine a leagadh. Tá baint ag tionscadail mhóra mhianadóireachta agus phlandála leis an gcuid is mó de na scéalta seo. Pobail bhundúchasacha agus feirmeoirí beaga is mó atá thíos leis.

Tá an pobal Lumad, treibh de chuid Luzon, ag cur i gcoinne na mianadóirí ó na 1980í i leith i nGleann Andap, áit ghlas choillteach. Tá cuid dá gceannairí maraithe cheana ag na fórsaí slandála – trúpaí míleata agus paraimíleata. Is minic a bhí orthu a dtithe a thréigean. Faoi láthair tá os cionn 1,200 duine ina gcónaí i gcampaí de dheasca

⁵ <http://www.thejournal.ie/irish-language-leixlip-census-2016-3713673-Nov2017/>

oibríochtaí de chuid an 75ú Cathlán. Agus (rud is deacair a chreidiúint) tá imshuí curtha ar bun ag an gcathlán céanna: níl siad ag ligean bia ná eile isteach chun na ndaoine úd.



Luzon an t-oileán mór is faide ó thuaidh, Mindanao an ceann is faide ó dheas.

Wikimedia Commons

Fuair an comhlacht mianadóireachta Oceanagold tionóntán 14,871 heicteár in Nueva Vizcaya in Luzon sa bhliain 2006. Tá os cionn 200 teach scriosta aige agus tá truailliú ag bagairt ar shláinte na ndaoine atá fós ann. Bhí méadú ar oibríochtaí míleata ann i mbliana agus ruaigeadh daoine dá bharr. Gabhadh baill d’eagraíochtaí frithmhianadóireachta tamall gearr ina dhiaidh sin agus cúisíodh iad gan bhannaí.

Áit eile a bhfuil achramn ar siúl ann Cósta Hamilo i mBealach an Oileáin Ghlais (*Verde Island Passage*): aít a bhfuil coillte, trána glana agus limistéir chosanta mhara ann. Cheannaigh SM Prime Holdings Hacienda Looc, eastát 5,900 heicteár, ón rialtas agus 200 heicteár san áireamh a bhí roinnte ar dhaoine áitiúla mar chuid den athriar talúntais. Tá sé d’aidhm ag an gcomhlacht éiceathurasóireacht inbuanaithe a chur ar bun ann, rud nach bhfuil go dona ann féin; ach anseo rinneadh margadh lúbach. Tá na pobail áitiúla ag dul i ngleic leis an gcomhlacht ó dheireadh na 1990í i leith, ach gabhadh a gceannairí agus tá os cionn 300 teach i mbaol a scriosta.

Agus leanann an marú. Is gearr ó dúnmharaíodh deich ngníomhaithe i rith dhá lá – sagart agus ministir in Luzon agus deich nduine den phobal Lumad in Mindanao. Mharaigh fir ar ghluaisrothar an tAthair Marcelito ‘Tito’ Paez, 72, le naoi n-urchar i dtús na míosa seo – an chéad sagart le dúnmharú ar an dóigh seo le linn Duerte. Dhéanadh sé agóid faoi bheartas fola an Uachtaráin. Timpeall an ama chéanna mharaigh na póilíní an ministir Lovelito Quiñones agus é ag dul abhaile ar ghluaisrothar. Mhaígh na póilíní gur threallchogaí é; dúirt a mhuintir féin nach raibh sa mhéid sin ach raiméis agus gur fhág na póilíní féin piostal in aice leis mar ‘chruthú’. An la céanna mharaigh saighdiúirí ochtar den phobal Lumad ag Loch Sebu.



Loch Sebu

Wikimedia Commons

Féach

- <http://bulatlat.com/main/2017/12/10/war-in-paradise/>

- <http://bulatlat.com/main/2017/12/05/10-activists-dead-48-hours-groups-hold-duterte-accountable-rash-killings/>



Nollaig faoi shéan dár léitheoirí agus Bliain Úr faoi rath

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au .

Dhá dhán don Nollaig le Colin Ryan. Foilsíodh cnuasach leis (*Corraí na Nathrach, Coiscéim*) sa bhliain 2017.

Déantar machnamh anseo ar na Draoithe i Soiscéal Mhatha (II, 1-12). Deir an traidisiún gur triúr a bhí ann, cé nach luann Matha uimhir ar leith. Tá draíocht ag baint leis an scéal, fiú mura Críostaí thú: an réalta, an oilithreach, an Rí ina leanbh agus a fhios againn céard atá le teacht. Tá fírinne i bhfinscéal: diamhair dhúisitheach a spreagann an tsamhlaíocht.



Na Trí Draoithe i mósáic Bhiosántach
Wikimedia Commons

Triúr

Chuimhníos ar na Draoithe
triúr gan chríonnacht ar leith
is beirt acu ag leanúint
an duine ba shine, fear
ar nocht réalta threorach dó
i dtaibhreamh:

chonaic siad cathracha
is lann ard ghéar na gealaí
is deifir na laghairte
ar dhroim na carraige
is tháinig faoi dheireadh
ar leanbh i mainséar:

ní bheadh a fhios acu choíche
an ansiúd a fuair siad eagna
nó sa taisteal fada féin
turas a thosaigh fadó
is a d'fhág an t-anam sciúrtha

Reanna

Bhí an triúr ann, taistealaithe
ar imeall an fhásaigh
ar lorg dídean oíche:

scéalta fánacha acu
faoin Rí a bhí rompu
i ndaingean éigin sléibhe

is a gceannaire sáite
i lonracht ilreannach na spéire
is sa solas a tháinig ó dhomhain
nach raibh ann a thuilleadh
mar ar rugadh an Rí go minic cheana
mar ar fhulaing sé croch chéasta